



Ciorclán 0063/2010

**Chuíg: Údarás Bainistíochta Scoileanna Aitheanta idir Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhoifigh Feidhmiúcháin Coistí Gairmoideachais**

## **Gnásanna Earcaithe – riachtanais maidir le Seiceáil an Gharda**

### **1. Réamhrá**

Is í is príomhaidhm leis an gclár seo ná na riachtanais maidir le seiceáil ag na Gardaí mar chuid den ghnás earcaithe i gcomhair gach post teagaisc agus neamhtheagaisc a nuashonrú agus a shoiléiriú. Tá **príomheilimintí** an chiorcláin seo leagtha amach thíos agus tá fairsingiú déanta orthu in [Aguisín 1](#).

- Cloítear i gcónaí le gnásanna earcaithe críochnúla mar is cuid riachtanach den chleachtas cosanta leanaí iad. Ní ghabhann an tseiceáil in áit na ngnásanna earcaithe ach baintear feidhm aisti mar chuid de na gnásanna earcaithe sin.
- Ní mór seiceáil a dhéanamh ar gach duine atá á cheapadh ar phost teagaisc ar feadh ré ar bith roimh dóibh tosú sa bhfostaíocht mura bhfuil seiceáil déanta orthu i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin. Cuimsíonn an riachtanas seo maidir le seiceáil múinteoirí atá ag aistriú ó scoil amháin go scoil eile. Is ceart do mhúinteoirí atá ag lorg fostaíochta (obair ionadaíochta san áireamh), agus dóibh siúd ina measc gur dócha go mbeidh siad ag aistriú go dtí scoil(eanna) eile, iarratas a chur isteach leis an gComhairle Mhúinteoireachta 3 mhí ar a laghad roimhré i dtreo is gur féidir an tseiceáil orthu a shocrú go tráthúil.
- Ní mór seiceáil a dhéanamh ar gach duine atá á cheapadh ar phost neamh-theagaisc ar feadh ré ar bith roimh dóibh tosú sa bhfostaíocht mura bhfuil seiceáil déanta orthu tríd an eagraíocht chláráithe chéanna i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin. I gcásanna dá leithéid tabharfaidh an eagraíocht chláráithe chuí (e.g. an oifig dheoise, comhlacht bainistíochta srl.) ceachtar acu an buntoradh ar an tseiceáil nó cóip dheimhnithe den chéanna d'údarás na scoile.
- Ní mór gach dícheall a dhéanamh an próiseas seiceála a chríochnú roimh ceapacháin a dhéanamh. Mura féidir seo, áfach, (de bharr cúiseanna nach bhfuil neart ag údarás na scoile orthu) sa chás sin ní mór don fhostaí ionchasach a dheimhniú i scríbhinn go nglacann sé/sí leis go bhfuil an ceapachán faoi réir ag toradh sásúil a bheith ar an bpróiseas seiceála.
- Mar chosaint bhreise, ní mór an Dearbhú Reachtúil ag [Aguisín 2](#), a bhaineann le cosaint páistí, a sholáthar do gach duine a cheaptar ar phost teagaisc nó neamh-theagaisc ar feadh ré ar bith. Meastar Dearbhú Reachtúil a bheith bailí má rinneadh i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin é. Ina theannta sin, ní mór do gach duine atá ag tosú ar fhostaíocht ar feadh ré ar bith an gealltanais gaolmhar (a bhaineann go sainiúil leis an údarás scoile atá mar fhostóir) a shníú roimhré. Ar mhaithe le héascaíocht riaracháin, beidh an gealltanais seo ina chuid de na foirmeacha ceapacháin párolla ag an Roinn. Ní mór, áfach, an Fhoirm Ghealltanais ag [Aguisín 2](#) a chomhlánú i gcomhair ceapacháin ar bith (ceapachán teagaisc nó neamh-theagaisc) nach gá foirm ceapacháin phárolla a chomhlánú dó. Meastar Foirm Ghealltanais a bheith bailí chun críche ceapacháin eile ag an údarás scoile céanna má síníodh í i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin.

- Tugann an chiorclán seo riachtanais seiceála isteach i gcomhair daoine eile (ar nós deonaigh, cóitseálaithe spóirt srl.) a bhfuil rochtain gan mhaoirsiú acu ar pháistí nó ar aosaigh leochaileacha, nó go mb'fhéidir go mbeadh an rochtain sin acu. (Léirítear na sonraí iomlána ag ceist 9 in [Aguisín 1](#)).

## 2. Sainmhínte

Sa chiorclán seo ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt –

Ciallaíonn **“iarratasóir”** an duine a bhfuiltear ag déanamh an iarratais seiceála ina leith.

Ciallaíonn **“sínitheoir údaraithe”** an duine san eagraíocht chláraithe atá ainmnithe chun gníomhú mar chainéal idir an scoil agus Aonad Lárnach Seiceála an Gharda.

Ciallaíonn **“bliain féilire”** an tréimhse dhá mhí déag ag tosnú ar 1<sup>ú</sup> Eanáir agus ag críochnú ar 31<sup>ú</sup> Nollaig.

Ciallaíonn **“An tAonad”** Aonad Lárnach Seiceála an Gharda.

Ciallaíonn **“eagraíocht chláraithe”** eagraíocht atá cláraithe le hAonad Lárnach Seiceála an Gharda.

Ciallaíonn **“údarás scoile”** an t-údarás bainteach bainistíochta don scoil atá i gceist i.e. an CGO bainteach i gcás scoileanna CGO agus an bord bainistíochta/bainisteoir i gcás na scoileanna eile go léir.

Ciallaíonn **“duine teagmhála scoile”** an duine atá ainmnithe ag an scoil chun comhthadhall leis an sínitheoir údaraithe. Is é Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta nó an Príomhoide a bheidh mar dhuine teagmhála scoile de ghnáth. Is ceart don údarás scoile duine a ainmniú chomh maith chun feidhmiú in ionad an duine teagmhála nuair a bheidh sé/sí as láthair.

## 3. Ginearálta

Gabhann an chiorclán seo in áit Chiorcláin 0094/2006 agus na riachtanas seiceála sa leabhrán “Constitution of Boards and Rules of Procedure” a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2007. Tá feidhm ag na socrúithe seiceála atá leagtha amach sa chiorclán seo i ngach aon bhunscoil agus iarbhunscoil aitheanta agus i ngach aon ionad stát-mhaoinithe oideachais do pháistí nó d’ aosaigh leochaileacha.

Beidh feidhm le riachtanais an chiorcláin seo ó **1 Eanáir 2011** i leith. Tá sé de fhreagracht ar gach aon údarás bainteach scoile an polasaí agus na nósanna imeachta is gá a bheith ar bun acu chun comhlíonadh riachtanas an chiorcláin seo a chinntiú.

Os rud é gur dianriachtanas í an rúndacht nuair atá iarratais seiceála á bpróiseasú tá sé riachtanach a chinntiú go bhfuil na socrúithe cuí slándála ar bun ag gach céim den phróiseas seiceála chun slándáil, rúndacht agus sláine sonraí pearsanta uile na n-

iarratasóirí a chosaint. Caithfear na sonraí go léir a bhainistiú laistigh d'fhorálacha reachtúla na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

Ní féidir leis an scoil aon duine a dhiúltaíonn dul faoi sheiceáil a cheapadh nó a fhrúiliú in aon cháilíocht go fiú cáilíocht dheonach.

Is den tábhacht é a thabhairt faoi deara go bhféadfadh fíricí nó eolas teacht ar aire údarás scoile, tríd an bpróiseas seiceála, mar chuid de na gnásanna earcaithe nó ag céim ina dhiaidh sin a tharraingeodh drochamhras ar oiriúnacht duine, ó thaobh na cosanta páistí de, chun bheith ag obair le páistí nó le haosaigh leochaileacha.

Beidh sé ina ghnó don údarás scoile tosca an cháis go léir a mhachnamh, aird chuí a thabhairt do na fachtóirí ábhartha go léir agus gnásanna cothroma a chur ar fáil don duine i gceist roimh dó cinneadh a dhéanamh. Is léir go gcaithfear é seo a mheasúnú ar bhonn cás ar chás.

#### **4. Gnásanna earcaithe**

Eilimint bhunriachtanach den chleachtas cosanta páistí iad gnásanna críochnúla earcaithe agus is ceart go n-áireofaí ina measc moltaí a lorg agus a dhul sa tóir ar mholtaí agus a chinntiú go bhfuil míniú sásúil le fáil ar aon bhearnaí sa taifead fostaíochta/curriculum vitae. Ní ceart go ngabhfadh an tseiceáil in áit na ngnásanna earcaithe ach is ceart feidhm a bhaint aisti mar chuid de na gnásanna sin.

Is ceart go mbeadh údaráis scoile feasach ar a gcuid freagrachtaí, iad siúd a bhaineann le cosaint páistí san áireamh, nuair a iarrtar orthu moladh a chur ar fáil i leith duine ar leith.

#### **5. Ceisteanna Coitianta**

Tá tuilleadh fairsingithe ar riachtanais an chiorcláin seo maidir le seiceáil le fáil i bhformáid Ceist agus Freagra in [Águisín 1](#) den chiorclán seo.

#### **6. Fiafraithe maidir leis an gciorclán seo**

Is ceart fiafraithe maidir le hiarratais aonair ar sheiceáil a ardú sa chéad ásc leis an eagraíocht chláráithe ábhartha (An Chomhairle Mhúinteoireachta, an oifig dheoise, an comhlacht bainistíochta nó CGO srl.).

Is ceart fiafraithe ginearálta maidir leis an gciorclán seo a sheoladh tríd an ríomhphost chuig an Roinn ag:

[schoolgovernance@education.gov.ie](mailto:schoolgovernance@education.gov.ie)

## **7. Scaipeadh an chiorcláin**

Is ceart cóip den chiorclán seo a chur ar fáil do bhaill de Bhord Bainistíochta agus do bhaill foirne gach uile scoile. Is ceart chomh maith cóip a chur ar fáil do chumann na dtuismitheoirí. Is féidir rochtain ar an gchiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag [www.education.ie](http://www.education.ie) .

Hubert Loftus  
Príomhoifigeach  
An Rannóg Rialachais Scoileanna.

Samhain 2010

## Aguisín 1 - Ceisteanna Coitianta

Tá forbairt ar an gcur síos ar an bpróiseas seiceála agus riachtanais an chiorcláin seo i bhfoirm Ceist agus Freagra thíos:

1. [Céard is seiceáil an Gharda ann?](#)
2. [Cé tá le seiceáil?](#)
3. [Cén uair is ceart tosnú ar an bpróiseas seiceála?](#)
4. [Céard a tharlóidh más gá ceapachán a dhéanamh chun post teagaisc nó neamh-theagaisc agus nach bhfuil an próiseas seiceála críochnaithe go hiomlán?](#)
5. [Cén ról atá ag an údarás scoile sa phróiseas seiceála?](#)
6. [Céard é an próiseas seiceála do dhaoine atá á gceapadh chun post teagaisc?](#)
7. [Céard é an próiseas seiceála do dhaoine atá á gceapadh chun post neamh-theagaisc?](#)
8. [An gá ábhar múinteora a sheiceáil?](#)
9. [Céard é an próiseas seiceála do dhaoine eile nach fostaithe iad ar nós deonaigh, cóitseálaithe spóirt srl.?](#)
10. [Cé orthu a bhfuil sé an Dearbhú Reachtuil agus an Fhoirm Ghealltanais ag Aguisín 2 den chiorclán seo a chomhlánú?](#)
11. [Cén chaoi a bhfuil an scéal maidir le seiceáil múinteoirí atá ar fhostú cheana?](#)
12. [Cén chaoi a bhfuil an scéal maidir le seiceáil fhoireann neamh-theagaisc atá ar fhostú cheana?](#)
13. [Cén chaoi a bhfuil an scéal maidir le seiceáil daoine a fhostáítear i stiúradh na scrúduithe bliantúla Stáit?](#)
14. [An bhfuil comhairle níos mionsonraithe ar fáil faoin bpróiseas seiceála?](#)

### 1. Céard is seiceáil an Gharda ann?

Stiúrann an tAonad an tseiceáil. Is í feidhm an Aonaid ráiteas a chur ar fáil d'eagraíocht chláráithe a thugann sonraí faoi gach ciontú agus/nó cúiseamh, bíodh éiríthe leis nó ná bíodh, ar feitheamh nó críochnaithe, maidir leis an iarratasóir ar sheiceáil.

Ní thugann seiceáil an Gharda cead do dhaoine oibriú le páistí. Ní dhéanann sí ach an t-eolas thuas a chur ar fáil don eagraíocht chláráithe.

Ní dhéanann an tAonad comhthadhall go díreach le hiarratasóirí nó scoileanna aonair. Ní eisíonn an tAonad an nochtadh ábhartha ach do dhuine údaraithe laistigh d'eagraíocht atá cláráithe do sheiceáil an Gharda.

Is féidir seiceáil an Gharda a stiúradh i leith duine aonair atá os cionn 18 mbliana d'aois le húdarú scríofa an duine sin. Áit a bhfuil an duine aonair idir aois a 16 agus aois a 18 mbliana, éileofar údarú scríofa tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla an duine aonair maraon le húdarú scríofa an duine aonair féin. Ní stiúrtar seiceáil an Gharda i leith daoine aonair atá faoi bhun aois a 16 bhliana.

## 2. Cé tá le seiceáil?

Tá na catagóirí nach mór a sheiceáil leagtha amach thíos. Nótáiltear nach féidir leis an scoil duine ar bith a dhiúltaíonn dul faoi sheiceáil a cheapadh nó a fhrúiliú in aon cháilíocht go fiú cáilíocht dheonach.

- (a) Ní mór seiceáil a dhéanamh ar gach duine atá á cheapadh ar phost teagaisc roimh dó/di tosnú sa bhfostaíocht mura bhfuil seiceáil déanta ar an duine sin i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin. Cuimsíonn an riachtanas maidir le seiceáil gach saghas ceapacháin ar feadh ré ar bith, ceapacháin do phoist lánaimseartha, do phoist páirtaimseartha agus do phoist ionadaíochta san áireamh.

Bíonn feidhm ag an riachtanas seo maidir le seiceáil nuair atá múinteoir ag tosnú fostaíochta ar feadh ré ar bith agus cuimsíonn sé iad siúd atá ag athrú ó fhostóir amháin go fostóir eile e.g. ag dul ó scoil amháin go scoil eile i gcás aistrithe, ath-implonaithe srl.

Bíodh is nach bhfuil siad ag athrú go fostóir eile, ní mór do mhúinteoirí atá ag filladh ar an obair tar éis saoire asláithreachta de 2 bhliain nó os a chionn sin dul faoi sheiceáil chomh maith.

Níl feidhm ag an riachtanas maidir le seiceáil i gcás:

- Múinteoir a aistríonn i measc scoileanna gur cuid den CGO céanna iad nó
- Múinteoir atá arna athfhostú ag an údarás scoile céanna chomh fada is nach bhfuil aon bhearna (seachas laethanta saoire scoile) díreach roimh an athfhostú agus an múinteoir a bheith seiceáilte cheana i gcomhair na chéad fostaíochta leis an údarás scoile sin.

Is ceart do mhúinteoirí atá ag lorg fostaíochta (obair ionadaíochta san áireamh), agus dóibh siúd ina measc gur dócha go mbeidh siad ag aistriú go dtí fostóir(i) eile, iarratas a chur isteach leis an gComhairle Mhúinteoireachta 3 mhí ar a laghad roimhré i dtreo is gur féidir an tseiceáil orthu a shocrú go tráthúil.

- (b) Ní mór seiceáil a dhéanamh ar gach duine atá á cheapadh ar **phost neamh-theagaisc** roimh dó/di tosnú sa bhfostaíocht mura bhfuil seiceáil déanta ar an duine sin tríd an eagraíocht chláráithe chéanna i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin. I gcásanna dá leithéid tabharfaidh an eagraíocht chláráithe chuí (e.g. an oifig dheoise, comhlacht bainistíochta srl.) cóip dheimhnithe den toradh ar an tseiceáil roimhe sin d'údarás na scoile. Cuimsíonn an riachtanas maidir le seiceáil gach saghas ceapacháin ar feadh ré ar bith, ceapacháin do phoist lánaimseartha, do phoist pháirtaimseartha agus do phoist ionadaíochta san áireamh.

Bíonn feidhm ag an riachtanas seo maidir le seiceáil nuair atá duine ag tosnú fostaíochta ar feadh ré ar bith agus cuimsíonn sé iad siúd atá ag athrú ó fhostóir amháin go fostóir eile e.g. ag dul ó scoil amháin go scoil eile srl.

Bíodh is nach bhfuil siad ag athrú go fostóir eile, ní mór do dhuine ar bith atá ag filleadh ar an obair tar éis saoire asláithreachta de 2 bhliain nó os a chionn sin dul faoi sheiceáil chomh maith.

Níl feidhm ag an riachtanas maidir le seiceáil i gcás:

- Duine a aistríonn i measc scoileanna gur cuid den CGO céanna iad nó
  - Duine atá arna athfhostú ag an údarás scoile céanna chomh fada is nach bhfuil aon bhearna (seachas laethanta saoire scoile) díreach roimh an athfhostú agus an duine a bheith seiceáilte cheana i gcomhair na chéad fostaíochta leis an údarás scoile sin.
- (c) Ní mór seiceáil a dhéanamh ar **dhaoine ar bith eile** (nach fostaithe iad) ar nós deonaigh, cóitseálaithe spóirt srl. a bhfuil rochtain gan mhaoirsiú acu ar pháistí nó ar aosaigh leochaileacha, nó go mb'fhéidir go mbeadh an rochtain sin acu, mura rinneadh seiceáil orthu cheana sa tréimhse 5 bliana roimhe sin. Bíonn feidhm ag an riachtanas seo maidir le seiceáil i leith na ndaoine uile den saghas sin a bhfuil rochtain gan mhaoirsiú acu ar pháistí nó ar aosaigh leochaileacha, nó go mb'fhéidir go mbeadh an rochtain sin acu, agus a bhfuil, ag dáta an chiorcláin seo, nó a bheidh sa todhchaí arna bhfruíliú ag an scoil i gcáilíocht ar bith den saghas sin. Ar an liosta samplaí de dhaoine a bheadh feidhm ag an rannán seo ina leith tá siad siúd atá gafa le gníomhaíochtaí seach-churaclaim, deonaigh, cóitseálaithe spóirt, teagascóirí seachtracha nó daoine eile a fhrúilíonn an scoil chun cabhrú agus tacú le gníomhaíochtaí na scoile, agus níl an liosta sin uileghabhálach.

Is ceart don eagraíocht chuí spóirt nó pobail, nó don eagraíocht dheonach chuí na daoine seo a sheiceáil áit is féidir.

### **3. Cén uair is ceart tosnú ar an bpróiseas seiceála?**

Is ceart do mhúinteoirí atá ag lorg fostaíochta (obair ionadaíochta san áireamh), agus dóibh siúd ina measc gur dócha go mbeidh siad ag aistriú go dtí scoil(eanna) eile, iarratas a chur isteach leis an gComhairle Mhúinteoireachta **3 mhí ar a laghad roimhré** i dtreo is gur féidir an tseiceáil orthu a shocrú go tráthúil.

Tharlódh go ndearnadh seiceáil cheana ar roinnt fostaithe ionchasacha i bpoist teagaisc i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin agus beidh siad in ann, dá bhrí sin, an bhunlitir seiceála a fuair siad ón gComhairle Mhúinteoireachta a sholáthar. Ní mór don údarás scoile bunlitir seiceála an mhúinteora a amharc agus cóip a choiméad dá thaifid féin.

Tharlódh, chomh maith, go ndearnadh seiceáil cheana ar roinnt fostaithe ionchasacha i bpoist neamh-theagaisc i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin. I gcásanna áirithe tharlódh go ndearnadh seiceáil ar an bhfostaí ionchasach i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin i leith fostaíochta i scoil eile atá laistigh de raon na heagraíochta cláraithe céanna. I gcásanna mar sin ní mór don údarás scoile cóip dheimhnithe de thoradh na seiceála a fháil ón sínitheoir údaraithe san eagraíocht chláraithe chuí.

Mura dtarlaíonn sin, ní mór don údarás scoile a chinntiú go gcuirtear an t-iarratas ar sheiceáil faoi bhráid díreach tar éis deireadh an phróisis roghnúcháin.

#### **4. Céard a tharlóidh más gá ceapachán a dhéanamh chun post teagaisc nó neamh-theagaisc agus nach bhfuil an próiseas seiceála críochnaithe go hiomlán?**

Ní mór gach dícheall a dhéanamh an próiseas seiceála a chríochnú roimh ceapacháin a dhéanamh. I dtosca áirithe, áfach, tharlódh, in ainneoin an t-iarratas ar sheiceáil a bheith curtha faoi bhráid ag an gcéim is luaithe, nárbh fhéidir (de bharr cúiseanna nach mbeadh neart ag údarás na scoile orthu) an próiseas seiceála a chríochnú i dtosach ar an gceapachán. I gcásanna den sórt sin ní mór a chur in iúl don fhostaí ionchasach sa litir cheapacháin nó go leithleach i scríbhinn go bhfuil an ceapachán faoi réir ag toradh sásúil a bheith ar an bpróiseas seiceála.

Ní mór don fhostaí ionchasach a dheimhniú i scríbhinn go nglacann sé/sí leis an gcoinníoll seo roimh dó/di tosnú sa bhfostaíocht. Áit is féidir, ní mór don údarás scoile na hócáidí ag a mbeadh rochtain gan mhaoirsiú ag duine dá leithéid ar pháistí nó ar aosaigh leochaileacha a choinneáil ag an leibhéal is lú.

Má tharlaíonn sé, tar éis do thoradh an iarratais ar sheiceáil a bheith faighte agus tar éis do phróis chuí a bheith curtha i gcrích, go measann an t-údarás scoile nach oiriúnach an duine i gceist chun ceapacháin, ní mór ansin an ceapachán a chur ar ceal.

#### **5. Cén ról atá ag an údarás scoile sa phróiseas seiceála?**

Tá sé de fhreagracht ar an údarás scoile lena mbaineann an polasaí agus na nósanna imeachta is gá a bheith ar bun acu chun comhlíonadh na riachtanas atá leagtha amach sa chiorclán seo a chinntiú.

Ní mór don údarás scoile duine amháin a ainmniú mar dhuine teagmhála chun comhthadhall leis an sínitheoir údaraithe maidir le hiarratais ar sheiceáil thar ceann na scoile. Is é Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta nó an Príomhoide a bheidh mar dhuine teagmhála scoile de ghnáth. Is ceart don údarás scoile duine a ainmniú chomh maith chun feidhmiú in ionad an duine teagmhála nuair a bheidh sé/sí as láthair.

Ceist lárnach é ag údarás scoile a chinneadh an bhfágfadh aon nochtadh a thiocfadh as an iarratas ar sheiceáil duine mí-oiriúnach chun fostaíochta/fruilithe ag an scoil.

Is ceart don údarás scoile a chuimhneamh nach mbíonn duine a fuarthas ciontach mí-oiriúnach i gcónaí uaidh sin féin chun oibre le páistí nó le haosaigh leochaileacha. Is í



an phríomhchritéir chun tábhacht an chiontaithe nó ghné ar bith eile den nochtadh a mheasúnú ná bainteacht an nochtadh do chosaint leanaí. Bíonn géarghá le cur chuige oibiachtúil, cothrom ina leith seo. Is gnó don údarás scoile é breithiúnas a thabhairt maidir le hoiriúnacht an duine.

Tá treoirínte ag an gComhairle Mhúinteoireachta, i gcomhair cláraithe, chun nochtadh seiceála a mheasúnú áit a bhfuil ciontaithe agus/nó cúisimh ar feitheamh i gceist. Tá na treoirínte seo le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta agus is mór an fhoinsé tagartha d'údarás scoile iad.

Is den tábhacht é a thabhairt faoi deara gur eilimint bhunriachtanach den chleachtas cosanta páistí iad gnásanna críochnúla earcaithe agus gur cheart go n-áireofaí ina measc moltaí a lorg agus a dhul sa tóir ar mholtaí agus a chinntiú go bhfuil míniú sásúil le fáil ar aon bhearnaí sa taifead fostaíochta/curriculum vitae. Ní cheart go ngabhadh an tseiceáil in áit na ngnásanna earcaithe ach is ceart feidhm a bhaint aisti mar chuid de na gnásanna sin.

## **6. Céard é an próiseas seiceála do dhaoine atá á gceapadh chun post teagaisc?**

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an eagraíocht chláráithe a dhéanann comhthadhall leis an Aonad chun críche múinteoirí a sheiceáil. Ní dhéanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta socruithe chun múinteoirí a sheiceáil ach nuair atá siad cláráithe léi nó tar éis iarratas a chur isteach chuige sin léi. Ní mór do dhaoine intofa iarratas ar chlárú a chur isteach leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun go stiúrfaidh an Chomhairle an tseiceáil.

Is ceart do mhúinteoirí atá ag lorg fostaíochta (obair ionadaíochta san áireamh), agus dóibh siúd ina measc gur dócha go mbeidh siad ag aistriú go dtí scoil(eanna) eile, iarratas a chur isteach leis an gComhairle Mhúinteoireachta **3 mhí roimhré** i dtreo is gur féidir an tseiceáil orthu a shocrú go tráthúil.

Ar an bpróiseas seiceála a bheith críochnaithe, eisiúnn an Chomhairle Mhúinteoireachta Litir Seiceála chuig an iarratasóir múinteora ag leagadh amach toradh na seiceála mar a fuarthas ón Aonad é. Ní mór don údarás scoile bunlitir seiceála an mhúinteora a fháil ón fhostaí ionchasach agus cóip a choimeád dá thaifid féin. Is ceart do scoileanna a nótáil nach leor an múinteoir a bheith cláráithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ach go bhfuil riachtanas ann i gcónaí an Bhunlitir Seiceála a fháil agus a amharc.

I dtosca eisceachtúla, áit nach féidir múinteoir atá cáilithe go hoiriúnach a earcú, is féidir go mbeidh ar an údarás scoile duine neamh-cháilithe a fhostú mar bheart eastramhach. I gcásanna ina bhfuil an duine i gceist gan bheith intofa chun cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, próiseálfar an tseiceáil trí mheán na n-eagraíochtaí cláraithe eile e.g. an oifig dheoise lena mbaineann, an comhlacht bainistíochta nó CGO srl. I gcásanna mar sin, ní mór don údarás scoile toradh na seiceála nó cóip dheimhnithe den chéanna a fháil ón sínitheoir údaraithe san eagraíocht chláráithe chuí.

## **7. Céard é an próiseas seiceála do dhaoine atá á gceapadh chun post neamh-theagaisc?**

I gcás na bhfostaithe ionchasacha neamh-theagaisc uile, stiúrfar an tseiceáil trí mheán na heagraíochta cláraithe lena mbaineann (e.g. an oifig dheoise lena mbaineann, an comhlacht bainistíochta nó CGO srl.) I gcásanna mar sin, ní mór don údarás scoile toradh na seiceála nó cóip dheimhnithe den chéanna a fháil ón sínitheoir údaraithe san eagraíocht chláraithe chuí.

I gcás bunscoileanna faoi phátrúnacht Chaitliceach is í an oifig dheoise lena mbaineann a chomhordaíonn cur isteach iarratas ar sheiceáil. Dá réir sin, is ceart don duine teagmhála scoile gach iarratas ó na scoileanna sin a chur ar aghaidh chuig an oifig dheoise, le go gcuirfidh an sínitheoir údaraithe aici sin ar aghaidh chuig an Aonad é.

Is é Bord Oideachais Eaglais na hÉireann a chomhordaíonn iarratais ar sheiceáil do na bunscoileanna a seasann sé dóibh. Dá réir sin, is ceart don duine teagmhála scoile gach iarratas ó na scoileanna sin a chur ar aghaidh chuig Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, le go gcuirfidh an sínitheoir údaraithe aige sin ar aghaidh chuig an Aonad é.

I bhformhór na gcásanna eile is é an comhlacht bainistíochta nó an CGO lena mbaineann a chomhordaíonn cur isteach iarratas ar sheiceáil chuig an Aonad.

## **8. An gá ábhar múinteora a sheiceáil?**

Má tá rochtain gan mhaoirsiú ag ábhar múinteora ar pháistí nó ar aosaigh leochaileacha, nó más féidir go mbeadh an rochtain sin aige/aici, ní mór seiceáil a dhéanamh air/uirthi. Áit a socraítear seiceáil ábhar múinteora tríd an gColáiste Oiliúna/Ollscoil lena mbaineann, ní mór don údarás scoile an bhunlitir seiceála a fháil le toradh na seiceála inti, a fuair an t-ábhar múinteora ón gColáiste Oiliúna/Ollscoil.

In éagmais doiciméid dá leithéid stiúrfar an tseiceáil trí eagraíocht chláraithe chuí an údarás scoile i.e. an oifig dheoise lena mbaineann, an comhlacht bainistíochta nó an CGO srl. I gcásanna mar sin ní mór don údarás scoile buntoradh na seiceála nó cóip dheimhnithe den chéanna a fháil ón sínitheoir údaraithe san eagraíocht chláraithe chuí.

## **9. Céard é an próiseas seiceála do dhaoine eile nach fostaithe iad ar nós deonaigh, cóitseálaithe spóirt srl?**

Baineann mórán scoileanna feidhm as seirbhísí daoine eile nach fostaithe iad ar nós cóitseálaithe spóirt, deonaigh srl.chun cabhrú agus tacú le gníomhaíochtaí de chuid na scoile.

Tá feidhm ag na riachtanais seiceála atá tugtha isteach ag an gcioclán seo i leith daoine ar bith den saghas sin a bhfuil rochtain gan mhaoirsiú acu ar pháistí nó ar aosaigh leochaileacha, nó go mb'fhéidir go mbeadh an rochtain sin acu. Beidh na riachtanais seiceála ina gcabhair do scoileanna agus iad ag measúnú oiriúnacht daoine dá leithéid, ó thaobh na cosanta páistí de, chun bheith ag obair le páistí nó le haosaigh leochaileacha.

Féadann údarás scoile freisin a chinneadh go leithleach gur gá tagairtí nó taithí oibre daoine dá leithéid roimhe sin a sheiceáil sula bhfruilítear i gcáilíocht ar bith iad. Má bhíonn aon drochamhras ar údarás scoile faoi oiriúnacht aon daoine dá leithéid, ó thaobh na cosanta páistí de, chun bheith ag obair le páistí nó le haosaigh leochaileacha ní ceart ansin iad a fhrúiliú i gcáilíocht ar bith. Is gnó do gach aon údarás scoile i gcónaí é an cinneadh deiridh a dhéanamh faoi oiriúnacht daoine dá leithéid.

Ag tabhairt isteach riachtanas seiceála di aithníonn an Roinn go bhfuil seiceáil déanta le déanaí ar mhórán cóitseálaithe spóirt srl. ag na heagraíochtaí spóirt acu faoi seach e.g. Cumann Lúthchleas Gael, Aontas Rugbaí na hÉireann, Cumann Peile na hÉireann srl. Is é cur chuige an chiorcláin seo ná go ndéantar seiceáil ar dhaoine dá leithéid trí mheán na n-eagraíochtaí spóirt lena mbaineann seachas an próiseas seiceála a mhacasamhlú i mórán scoileanna.

Ina leith thuas, éilíonn an ciorclán seo anois nach mór seiceáil a dhéanamh ar na daoine sin uile (nach fostaithe iad) ar nós deonaigh, cóitseálaithe spóirt srl. a bhfuil rochtain gan mhaoirsiú acu ar pháistí nó ar aosaigh leochaileacha, nó go mb'fhéidir go mbeadh an rochtain sin acu, mura rinneadh seiceáil orthu cheana sa tréimhse 5 bliana roimhe sin. Coinneofar an tréimhse 5 bliana faoi athbhreithniú i bhfianaise acmhainn an Aonaid. Cuirfear fógra chuig údarás scoile faoi athruithe ar bith a dhéanfar ar an gcreatlach ama seo amach anseo.

Áit a bhfuil duine atá laistigh de raon eagraíochta spóirt nó eagraíochta deonaí agus a bhfuil seiceáil déanta tríd an eagraíocht lena mbaineann, ní mór don údarás scoile deimhniú a fháil den chéanna. Beidh eagraíochtaí náisiúnta ar nós Cumann Lúthchleas Gael, Aontas Rugbaí na hÉireann agus Cumann Peile na hÉireann ag tabhairt litreach dá gcóitseálaithe spóirt srl. ag deimhniú go bhfuil an duine sin tar éis a s(h)eiceáil ag an eagraíocht agus go bhfuil siad deimhin de nach bac é toradh na seiceála don duine sin a bheith ag obair le páistí nó le haosaigh leochaileacha. I gcásanna dá leithéid ní mór don údarás scoile an litir seo a amharc agus a thaifead gur amharc. Ní mór dó freisin cruthúnas céannachta an duine lena mbaineann a fháil go leithleach. Má tá ceist ar bith le cur ag an údarás scoile ní mór dó dul i dteagmháil le ceanncheathrú na heagraíochta spóirt nó eagraíochta deonaí cuí.

I gcásanna ina bhfuil an doiciméadú thuas gan a bheith ar fáil, ní mór don údarás scoile socruithe a dhéanamh don tseiceáil tríd an eagraíocht chláráithe chuí aige (e.g. an oifig chuí dheoise, an comhlacht bainistíochta nó CGO srl).

Is ceart d'údarás scoile a bheith feasach i gcónaí go bhfanann an fhreagracht as dualgas cúraim a sholáthar do na daltaí insan scoil ar an údarás scoile.

## **10. Cé orthu a bhfuil sé an Dearbhú Reachtúil agus an Fhoirm Ghealltanais ag Aguisín 2 den chiorclán seo a chomhlánú?**

Mar chosaint bhreise, ní mór do gach duine a cheaptar ar phost teagaisc nó neamh-theagaisc ar feadh ré ar bith an Dearbhú Reachtúil ag [Aguisín 2](#), a bhaineann le cosaint páistí, a sholáthar don údarás scoile mura bhfuil dearbhú reachtúil, a rinneadh i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin, soláthraithe cheana féin don údarás scoile ag an duine. Ní mór don údarás scoile an bundearbhú reachtúil a amharc agus cóip de a choimeád dá thaifid féin. Meastar Dearbhú Reachtúil a bheith bailí má rinneadh i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin é, agus is féidir leis an iarratasóir, dá bhrí sin, é a choimeád chun a úsáide chun críche fostaíochtaí eile de réir mar is gá.

Ina theannta sin, ní mór do gach duine atá ag tosnú ar fhostaíocht ar feadh ré ar bith gealltanais gaolmhar (a bhaineann go sainiúil leis an údarás scoile atá mar fhostóir) a shíniú i dtosach ar a c(h)eadadh ar phost ar bith teagaisc nó neamh-theagaisc ar feadh ré ar bith. Ar mhaithe le héascaíocht riaracháin, beidh an gealltanais seo ina chuid de na foirmeacha ceapacháin párolla ag an Roinn. Ní mór, áfach, don fhostaí ionchasach roimh dó/di tosnú sa bhfostaíocht an Fhoirm Ghealltanais ag [Aguisín 2](#) a chomhlánú i gcomhair ceapacháin ar bith (ceapachán teagaisc nó neamh-theagaisc) nach gá foirm cheapacháin párolla a chomhlánú dó. Meastar Foirm Ghealltanais a bheith bailí chun críche ceapachán eile ag an údarás scoile céanna má síníodh í i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin. Ní mór don údarás scoile an Fhoirm Ghealltanais a choimeád.

Tá feidhm ag na riachtanais thuas Dearbhú Reachtúil agus gealltanais gaolmhar a sholáthar i leith gach saghas ceapacháin ar feadh ré ar bith (e.g. ceapacháin do phoist lánaimseartha, do phoist páirtaimseartha, do phoist ionadaíochta srl).

## **11. Cén chaoi a bhfuil an scéal maidir le seiceáil múinteoirí atá ar fhostú cheana?**

Tá pleánna dultha ar aghaidh go fada leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann maidir leis an gcaoi is fearr le seiceáil fhoireann teagaisc atá ann cheana agus nach seiceáladh go fóill a thabhairt isteach (i.e. na múinteoirí nach bhfuil ag athrú fostaíochta). Fachtóir mhór maidir leis an bpróiseas seo a thosnú is ea acmhainn an Aonaid agus na Comhairle Múinteoireachta. Faoi réir ag ceist na hacmhainne a bheith réitithe, tá sé i gceist ag an gcéim seo go dtosnófar ar sheiceáil fhoireann teagaisc atá ann cheana, ar bhonn céimnithe, go luath i 2011 de réir mar a rollófar amach an fairsingiú ar an tseirbhís ag an Aonad. Tá sé i gceist gur de réir an líne ama chéanna a bheidh seiceáil fhoireann neamh-theagaisc atá ann cheana. Eiseofar tuilleadh treorach faoi sheiceáil múinteoirí atá ann cheana in am tráth.

**12. Cén chaoi a bhfuil an scéal maidir le seiceáil fhoireann neamh-theagaisc atá ar fhostú cheana?**

Tá sé i gceist gur de réir líne ama mar an gcéanna leis siúd atá leagtha amach thuas do sheiceáil fhoireann teagaisc atá ann cheana a bheidh seiceáil fhoireann neamh-theagaisc atá ann cheana. Eiseofar tuilleadh treorach faoi sheiceáil fhoireann neamh-theagaisc atá ann cheana in am tráth.

**13. Cén chaoi a bhfuil an scéal maidir le seiceáil daoine a fhostaítear i stiúradh na scrúduithe bliantúla Stáit?**

Faoi láthair, níl athrú ar bith déanta ar na socrúithe mar atá siad. Beidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit i dteagmháil go leithleach leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann maidir le riachtanais seiceála do dhaoine a fhostaítear i stiúradh na scrúduithe bliantúla Stáit. Tabharfar aird ag na pléanna seo ar na fachtóirí oibríochtúla agus lóistíochúla ar leith a bhaineann leis na scrúduithe Stáit. Tabharfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit fógra roimh ré do na húdaráis scoile maidir le haon athruithe a thiocfaidh as na pléanna seo.

**14. An bhfuil comhairle níos mionsonraithe ar fáil faoin bpróiseas seiceála?**

Tá treoir tháscach do ról an duine teagmhála scoile agus an tsínitheora údaraithe san eagraíocht chláraithe faoi seach (an oifig dheoise, an comhlacht bainistíochta nó an CGO srl) leagtha amach ag [Aguisín 3](#) den chiorclán seo.

## Aguisín 2

### Dearbhú Reachtúil

Ní mór an dearbhú reachtúil seo a chomhlánú i dtosach ar cheapadh duine ar phost ar bith teagaisc nó neamh-theagaisc le húdarás scoile mura mbíonn dearbhú reachtúil a rinneadh i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin soláthraithe cheana féin don údarás scoile sin ag an duine atá á c(h)eadadh.

“Dearbhaímse \_\_\_\_\_ as, \_\_\_\_\_

i gcontae \_\_\_\_\_ a bhfuil aois a ocht mbliana déag nó os a chionn sin agam GO SOLLÚNTA AGUS GO FÍREATA mar a leanas:-

nach bhfuil aon rud, ó thaobh na cosanta páistí de, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, i m’iompraíocht, i mo charachtar ná i mo chúltra pearsanta de shaghas ar bith a rachadh chun dochair don phost muiníne ina mbeinn suite i leith páistí agus aosach leochaileacha de bhua mé a bheith ceaptha ar phost teagaisc nó neamh-theagaisc ar bith in aon bhunscoil nó iarbhunscoil aitheanta nó in aon ionad oideachais arna mhaoiniú ag an Stát do pháistí nó d’aoisigh leochaileacha.

I gcomhthéacs na cosanta páistí:

- Deimhním leis seo go dtoilím go do-chúlghairthe le déanamh pé fiosrúchán a mheasann gach aon cheann de na húdaráis scoile fostóra a bheith riachtanach i leith m’oiriúnachta don phost/do na poist a ndéanfar na hiarratais ina leith.
- Glacaim agus deimhním leis seo teidlíocht gach aon cheann de na húdaráis scoile fostóra chun an t-iarratas agam a dhiúltú nó chun m’fhostaíocht a fhoirceannadh (sa chás go mbeidh Conradh fostaíochta tugtha i gcrích) má bhíonn mainnithe agam aon eolas is ábhartha don iarratas ar an bpost agam nó do m’fhostaíocht leanúnach leis an údarás scoile a chur ar fáil don údarás scoile.
- Tuigim go bhféadfar, go huathoibríoch, mé a dhícháiliú nó mé a dhífhostú, má bhím fostaithe, má chuirim faoi bhráid eolas bréagach nó míthreorach maidir leis an iarratas ar phost agam nó le m’fhostaíocht leanúnach le gach aon cheann de na húdaráis scoile.

Agus déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.”

Sínithe: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Iarratasóir

Priontáil an tAinm: \_\_\_\_\_

Arna dhearbhu os mo chomhairse  
[ainm i mbloclitreacha] [nótaire poiblí][coimisinéir]

mionn][feidhmeannach síochána] [aturnae cleachtach]  
ag \_\_\_\_\_

\* a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi,

Nó

\*a cuireadh in aithne dom ag \_\_\_\_\_ a  
bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi,

Nó

\*a bhfuil a c(h)éannacht dearbhaithe domsa roimh  
ghlacadh an Dearbhaithe seo trí phas uimh. [*uimhir an  
phas*] a thabhairt ar láimh a eisíodh ar [*dáta eisiithe*] ag  
údaráis [*Stát a eisiithe*], gur údarás é a aithníonn Rialtas  
na hÉireann]

Nó

Cárta céannachta náisiúnta uimh.[*uimhir an chárta  
chéannachta*] a eisíodh ar [*dáta eisiithe*] ag údaráis [*Stát  
a eisiithe*] [gur Ballstát den AE, nó de Chónaidhm na  
hEilvéise é nó gur Páirtí Conarthachta de Chomhaontú  
an LEE é]

Nó

[Pas eachtrannach uimh. (*doiciméad is ionann le  
pas*)] [*uimhir an phas*] a eisíodh ar [*dáta eisiithe*] ag  
údaráis [*Stát a eisiithe*], gur údarás é a aithníonn Rialtas  
na hÉireann]

Nó

Doiciméad taistil dídeanaí uimh. [*uimhir an doiciméid*]  
a eisíodh ar [*dáta eisiithe*] ag an Aire Dlí agus Cirt agus  
Athchóirithe Dlí]

Nó

Doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí)  
[*uimh. an doiciméid*] a eisíodh ar [*dáta eisiithe*] ag an  
Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí]

ag

i gCathair /Contae

ar an \_\_\_\_\_ lá de \_\_\_\_\_ 20\_\_

---

**\* Aturnae Cleachtach /Coimisinéir Mionn / Nótaire  
Poiblí / Feidhmeannach Síochána**

**\* Scrios mar is cuí**

**Nóta:** Tá tuilleadh eolais maidir le Coimisinéirí Mionn agus Feidhmeannaigh  
Shíochána le fáil ar [www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie).

## Foirm Ghealltanais

Ar mhaithe le héascaíocht riaracháin, beidh an gealltanais seo ina chuid de na foirmeacha ceapacháin párolla ag an Roinn. Ní mór, áfach, an Fhoirm Ghealltanais seo a chomhlánú i dtosach ar cheapadh an duine i gcomhair ceapacháin ar bith (ceapachán teagaisc nó neamh-theagaisc) nach gá foirm ceapacháin phárolla a chomhlánú dó, mura mbíonn Foirm Ghealltanais agus dearbhú reachtúil gaolmhar a rinneadh araon i rith na bliana féilire céanna nó i rith na bliana féilire roimhe sin soláthraithe cheana féin don údarás scoile ag an duine.

Deimhním gurb amhlaidh, ón dáta ar shínigh mé an dearbhú reachtúil leis seo, nach bhfuil tada, ó thaobh na cosanta páistí de, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, i m'iompraíocht, i mo charachtar ná i mo chúlra pearsanta de shaghas ar bith a rachadh chun dochair don phost muiníne ina mbeinn suite i leith páistí agus aosach leochaileacha de bhua mé a bheith ceaptha ar phost teagaisc nó neamh-theagaisc i \_\_\_\_\_ (cuir isteach ainm an údaráis scoile).

Geallaim freisin go gcuirfidh mé in iúl don údarás scoile thuas aon athruithe ar an staid thuasluaite a rachadh chun dochair do m'oiriúnacht, ó thaobh na cosanta páistí de, d'fhostaíocht leanúnach leis an údarás scoile nó d'aon fhostaíocht ina dhiaidh sin leis an údarás scoile.

Admhaím agus tuigim go mbeidh aon eolas bréagach nó míthreorach a bhainfeadh le m'iompraíocht, le mo charachtar nó le mo chúlra pearsanta nó aon mhainneachtain agamsa a chur in iúl don údarás scoile aon athruithe ábhartha a rachadh chun dochair do m'oiriúnacht, ó thaobh na cosanta páistí de, ina shárú conartha fostaíochta agus go bhféadfadh sé bheith ina fhoras le dífhostú achomair ag an údarás scoile.

Sínithe: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Fostaí ionchasach

Priontáil an tAinm: \_\_\_\_\_

Arna fhianú ag: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_  
(thar ceann an údaráis scoile)

Priontáil an tAinm: \_\_\_\_\_



### **Aguisín 3**

Ag seo thíos treoir tháscach do ról an duine teagmhála scoile agus an tsínitheora údaraithe san eagraíocht chláraithe faoi seach (an oifig dheoise, an comhlacht bainistíochta nó an CGO srl).

Is gnách gurb é Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta nó an Príomhoide, nó duine atá údaraithe chun feidhmiú ina n-ionad nuair a bheidh siad as láthair, atá ina dhuine teagmhála scoile.

Os rud é gur dianriachtanas é an rúndacht nuair atá iarratais ar sheiceáil a bpróiseasú tá sé riachtanach a chinntiú go bhfuil na socruithe cuí slándála ar bun ag gach céim den phróiseas seiceála chun slándáil, rúndacht, agus sláine sonraí pearsanta uile na n-iarratasóirí a chosaint. Ní mór na sonraí go léir a bhainistiú laistigh d'fhorálacha reachtúla na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

#### Céim 1 Iarrann an duine teagmhála scoile an tseiceáil.

- Tugann an duine teagmhála scoile foirm iarratais oifigiúil seiceála an Gharda don iarratasóir. Ní mór don iarratasóir gach rannán d'fhoirm iarratais an Gharda a chomhlánú. Ina theannta sin ní mór don iarratasóir a (h)údarú scríofa a thabhairt ar an bhfoirm iarratais.
- A luaithe a fhaigheann an duine teagmhála scoile an fhoirm iarratais chomhlánaithe ar ais ón iarratasóir ní mór dó/di sin an t-eolas atá tugtha ar an bhfoirm iarratais seiceála a sheiceáil.
- A luaithe is atá an duine teagmhála scoile cinnte go bhfuil an fhoirm comhlánaithe i gceart, is ceart dó/di sin í a chur ar aghaidh chuig an sínitheoir údaraithe san eagraíocht chláraithe chuí lena cur ar aghaidh arís chuig an Aonad.

#### Céim 2 Comhthadhlann an sínitheoir údaraithe leis an Aonad

- Ar an bhfoirm iarratais a bheith faighte ón duine teagmhála scoile, seiceálann an sínitheoir údaraithe (san eagraíocht chláraithe e.g. an oifig dheoise chuí, srl) an t-eolas atá inti.
- Casfaidh an sínitheoir údaraithe foirmeacha mí-chearta nó neamhiomlána ar ais chuig an duine teagmhála scoile.
- Síníonn an sínitheoir údaraithe foirmeacha atá comhlánaithe i gceart, mar is gá a s(h)íniú chun iarratas a fhíordheimhniú, agus cuirtear isteach a (h)uimhir chláraithe sínitheora údaraithe. Déantar cóipeanna de na foirmeacha iarratais agus cuirtear chuig an Aonad iad.
- Eiseoidh an tAonad toradh an iarratais ar sheiceáil an Gharda go díreach chuig an sínitheoir údaraithe.
- Cuirfidh an sínitheoir údaraithe buntoradh an iarratais ar sheiceáil nó cóip dheimhnithe den chéanna ar aghaidh chuig an duine teagmhála scoile.
- Coimeádfaidh an sínitheoir údaraithe cóip dheimhnithe den chéanna lena heisiúint, ar a hiarraidh, chuig scoileanna eile atá laistigh de raon na heagraíochta cláraithe.

### Céim 3 Faigheann an duine teagmhála scoile toradh an iarratais ar sheiceáil an Gharda.

- Nuair a gheobhaidh an scoil comhfhreagras ón sínitheoir údaraithe osclóidh an duine teagmhála scoile é.
- Áit a bhfuil nochtadh i dtoradh an iarratais ar sheiceáil an Gharda, cuireann an duine teagmhála scoile in iúl don iarratasóir féin féin agus go príobháideach céard é nádúr an nochtá. Is ceart dul ar aghaidh leis an bpróiseas seo sula ndéantar cinneadh ar bith a rachadh i gcion ar an iarratasóir.
- Má dhéanann an t-iarratasóir agóid in aghaidh a bhfuil san eolas seo, cuirfidh an sínitheoir údaraithe bun-fhoirm iarratais oifigiúil seiceála an Gharda faoi bhráid an Aonaid athuair, tar éis an céanna a bheith faighte ón duine teagmhála scoile, maraon le tuairisc chlúdaigh ag léiriú cúis na hagóide de réir mar a léirigh an t-iarratasóir í. I gcás ar bith ina bhfuil earráid déanta agus bun-fhoirm iarratais oifigiúil seiceála an Gharda á comhlánú is ceart don iarratasóir foirm úr iarratais oifigiúil seiceála an Gharda a chomhlánú agus is ceart an dá fhoirm a chur faoi bhráid athuair maraon le hiarratas ar athsheiceáil. Más rud é, i ndiaidh na seiceálacha breise, go ndéanann an t-iarratasóir agóid i gcónaí in aghaidh an nochtá, déanfar socruithe do ghabháil de lámh gnásanna bailíochtaithe breise chun an ní/na nithe is cúis leis an agóid a réiteach.
- Má dheimhníonn an t-iarratasóir a bhfuil sa nochtadh, is gnó don údarás scoile é a chinneadh an bhfágann an nochtadh an t-iarratasóir mí-oiriúnach don phost.